CINNEADH (AE) 2023/864 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 13 Aibreán 2023

lena leasaítear Cinneadh BCE/2014/16 maidir le Bord Riaracháin Athbhreithnithe agus a Rialacha Oibriúcháin a bhunú (BCE/2023/11)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 ina dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal (24) de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I bhfianaise na taithí a fuarthas ó bunaíodh an Bord Riaracháin Athbhreithnithe, is gá gnéithe áirithe dá Rialacha Oibriúcháin, a leagtar síos i gCinneadh BCE/2014/16 ón mBanc Ceannais Eorpach ([2]), arna leasú le Cinneadh (AE) 2019/1378 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/27) ([3]), a shoiléiriú agus a oiriúnú, go háirithe maidir le ról na malartach, raon feidhme an athbhreithnithe a dhéanfaidh an Bord Riaracháin um Athbhreithniú, an measúnú ar inghlacthacht na hiarrata ar athbhreithniú ón mBord Riaracháin um Athbhreithniú, an mhodheolaíocht le haghaidh chionroinnt chostais an athbhreithnithe a thabhaigh an t-iarratasóir agus an Banc Ceannais Eorpach i gcomhthéacs athbhreithnithe ag an mBord Riaracháin agus ábhair áirithe eagraíochtúla agus praiticiúla.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh BCE/2014/16 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Cinneadh BCE/2014/16 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. I gcás comhalta den Bhord Riaracháin a bheith éagumasach go buan, bás a fháil, éirí as oifig nó é a chur as oifig, ainmneoidh an Chomhairle Rialaithe (a) malartach amháin mar chomhalta den Bhord Riaracháin agus ceapfaidh sí malartach in ionad an mhalartaigh sin, nó (b) ceapfaidh sí comhalta nua den Bhord Riaracháin. Aon cheapachán a dhéanfar de bhun na míre seo, déanfar é i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 4(2).";

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tar éis glao poiblí ar léiriú spéise a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin, tar éis éisteacht leis an mBord Maoirseachta, ainmniúcháin do chomhaltaí an Bhoird Riaracháin agus don bheirt mhalartach a chur faoi bhráid na Comhairle Rialaithe lena gceapadh.";

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Maidir leis an bhfógra athbhreithnithe: (A) luafar ann na forais ar a bhfuil sé bunaithe; (b)má dhéantar iarratas go mbeadh éifeacht fionraíochta ag an athbhreithniú, luafar forais an iarratais sin; agus (c) cóipeanna d'aon doiciméid a bhfuil sé ar intinn ag an iarratasóir dul ina muinín a chur i gceangal leis. Ba cheart an cinneadh atá á chonspóid a bheith ag gabháil leis an bhfógra athbhreithnithe agus, má théann an fógra athbhreithnithe thar 10 leathanach, ba cheart achoimre ar na forais agus ar na doiciméid a shonraítear i bpointe (a) go pointe (c) a bheith san áireamh ann.";

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.

([2]) Cinneadh BCE/2014/16 ón mBanc Ceannais Eorpach an 14 Aibreán 2014 maidir le Bord Riaracháin Athbhreithnithe a bhunú agus a Rialacha Oibriúcháin (IO L 175, 14.6.2014, lch. 47).

([3]) Cinneadh (AE) 2019/1378 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Lúnasa 2019 lena leasaítear Cinneadh BCE/2014/16 maidir le Bord Riaracháin Athbhreithnithe agus a Rialacha Oibriúcháin a bhunú (BCE/2019/27) (IO L 224, 28.8.2019, lch. 9).

(4) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Cuirfear in iúl go soiléir san fhógra athbhreithnithe sonraí teagmhála iomlána an iarratasóra ionas go bhféadfaidh an Rúnaí cumarsáidí a chur chuig an iarratasóir nó chuig a ionadaí de réir mar a bheidh. Cuirfidh an Rúnaí deimhniú fála chuig an iarratasóir laistigh de thrí lá oibre á rá an bhfuil an fógra athbhreithnithe críochnaithe. I gcás go bhfuil an fógra athbhreithnithe neamhiomlán, socróidh an Rúnaí teorainn ama cúig lá oibre ar a mhéad ar laistigh di a chomhlánóidh an t-iarratasóir an fógra athbhreithnithe.

I gcás nach gcuirfidh an t-iarratasóir an fógra athbhreithnithe i gcrích laistigh den teorainn ama shocraithe dar leis an mBord Riaracháin, cuirfidh an Rúnaí in iúl don iarratasóir laistigh de dheich lá oibre ó dhul in éag na teorann ama socraithe sin nach bhféadfaí an nós imeachta um athbhreithniú riaracháin a thionscnamh toisc nár chríochnaigh an t-iarratasóir an fógra athbhreithnithe. Luafar san fhógra go bhfuil an nós imeachta um athbhreithniú riaracháin faoi Airteagal 24(11) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 gan dochar don cheart imeachtaí a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcomhréir leis na Conarthaí. I gcás nach dtionscnófar an nós imeachta um athbhreithniú riaracháin toisc nach ann d'fhógra iomlán athbhreithnithe, ní ghlacfar tuairim maidir leis an athbhreithniú.";

(5) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Beidh athbhreithniú an Bhoird Riaracháin teoranta do scrúdú a dhéanamh ar na forais ar a bhfuil an t-iarratasóir ag brath mar a leagtar amach san fhógra athbhreithnithe agus do scrúdú a dhéanamh ar sháruithe ar cheanglais fhíor-riachtanacha nós imeachta.";

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

"*Airteagal 11*

Inghlacthacht na hiarrata ar athbhreithniú

1. Sula ndéanfar scrúdú ar chomhréireacht nós imeachta agus shubstainteach cinnidh ó BCE le Rialachán (AE) Uimh 1024/2013, cinnfidh an Bord Riaracháin inghlacthacht na hiarrata ar athbhreithniú.

2. Má mheasann an Bord Riaracháin go follasach go bhfuil an iarraidh ar athbhreithniú neamh-inghlactha, féadfaidh sé a dhearbhú go bhfuil an iarraidh ar athbhreithniú neamh-inghlactha laistigh de 10 lá oibre ón bhfógra athbhreithnithe iomlán a fháil. Luafaidh an Bord Riaracháin na cúiseanna ar a bhfuil an measúnú sin bunaithe.

3. I gcás ina ndearbhóidh an Bord Riaracháin go bhfuil an iarraidh ar athbhreithniú neamh-inghlactha i gcomhréir le mír 2, tabharfaidh an Rúnaí fógra don iarratasóir láithreach. Luafar san fhógra go bhfuil an nós imeachta um athbhreithniú riaracháin faoi Airteagal 24(11) de Rialachán (AE) Uimh 1024/2013 gan dochar don cheart imeachtaí a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcomhréir leis na Conarthaí. Igcás ina ndearbhófar go bhfuil an iarraidh ar athbhreithniú neamh-inghlactha i gcomhréir le mír 2, ní ghlacfar tuairim maidir leis an athbhreithniú.

4. I gcás nach bhfuil feidhm ag mír 2, tabharfaidh an Bord Riaracháin rialú ar inghlacthacht na hiarrata ar athbhreithniú sa tuairim maidir leis an athbhreithniú a ghlacfaidh sé de bhun Airteagal 16. Sa chás sin, tabharfaidh an Rúnaí fógra don iarratasóir laistigh de 10 lá oibre ón bhfógra athbhreithnithe iomlán a fháil go dtabharfaidh an Bord Riaracháin rialú ar inghlacthacht na hiarrata ar athbhreithniú sa tuairim maidir leis an athbhreithniú.

5. Ní bheidh fógra athbhreithnithe a comhdaíodh i ndáil le cinneadh nua ón gComhairle Rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 24(7) de Rialachán (AE) Uimh 1024/2013 inghlactha.";

(7) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Cuirfear an éisteacht ar siúl in áitreabh BCE nó trí fhíschomhdháil. Beidh an Rúnaí i láthair. Ní bheidh an éisteacht ar oscailt do thríú páirtithe.";

(8) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déanfaidh an Bord Maoirseachta measúnú ar thuairim an Bhoird Riaracháin agus molfaidh sé dréachtchinneadh nua don Chomhairle Rialaithe. Ní bheidh measúnú an Bhoird Maoirseachta teoranta do scrúdú a dhéanamh ar na forais ar a bhfuil an t-iarratasóir ag brath mar atá leagtha amach san fhógra athbhreithnithe, ach féadfaidh sé gnéithe eile a chur san áireamh freisin ina thogra le haghaidh dréachtchinneadh nua. I gcás nach dtionscnófar an t-athbhreithniú riaracháin inmheánach toisc nach ann d'fhógra athbhreithnithe iomlán i gcomhréir

le hAirteagal 7(4) nó i gcás ina ndearbhóidh an Bord Riaracháin go bhfuil an iarraidh ar athbhreithniú neamh-inghlactha i gcomhréir le hAirteagal 11(2), ní mholfaidh an Bord Maoirseachta dréachtchinneadh nua don Chomhairle Rialaithe.";

(9) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tar éis don Chomhairle Rialaithe fógra a thabhairt faoin gcinneadh nua nó tar éis don iarratasóir an fógra athbhreithnithe a tharraingt siar tar éis don Bhord Riaracháin a dhearbhú go bhfuil an iarraidh ar athbhreithniú neamh-inghlactha, molfaidh an Bord Maoirseachta cion na gcostas a bheidh le híoc ag an iarratasóir. Beidh an t-iarratasóir i dteideal uiríll a dhéanamh ina leith sin.";

(10) cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Cinneadh seo in ionad na hIarscríbinne.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fíchiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 13 Aibreán 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh BCE/2014/16:

"IARSCRÍBHINN

Modheolaíocht le haghaidh chionroinnt chostais an athbhreithnithe a thabhaigh an t-iarratasóir agus an Banc Ceannais Eorpach i gcomhthéacs athbhreithnithe ag an mBord Riaracháin

I gcásanna ina n-aisghairfidh an Chomhairle Rialaithe an cinneadh tosaigh nó ina leasóidh sí a cuid oibríochtúil de thoradh an fhógra athbhreithnithe, aisíocfaidh BCE na costais a thabhaigh an t-iarratasóir i gcomhthéacs an athbhreithnithe, cé is moite d'aon chostais dhíréireacha a thabhaigh an t-iarratasóir agus fianaise i scríbhinn nó ó bhéal á cur isteach aige agus i ndáil le hionadaíocht dhlíthiúil, a bheidh le híoc ag an iarratasóir. I gcás ar bith, ní rachaidh aisíoc na gcostas arna dtabhú ag an iarratasóir ó BCE thar EUR 50 000 le haghaidh gach athbhreithnithe aonair ag an mBord Riaracháin.

I gcásanna ina gcuireann an Chomhairle Rialaithe cinneadh ina bhfuil an t-inneachar comhionann in ionad an chinnidh tosaigh nó nach leasaíonn sí ach an chuid neamh-chomhoibríoch den chinneadh tosaigh de thoradh an fhógra athbhreithnithe, agus i gcásanna ina ndearbhaíonn an Bord Riaracháin go bhfuil iarraidh ar athbhreithniú neamh-inghlactha, rannchuideoidh an t-iarratasóir leis na costais a thabhóidh BCE i gcomhthéacs an athbhreithnithe. Ní mór do dhaoine nádúrtha cnapshuim EUR 5 000 a íoc. Ní mór do dhaoine dlítheanacha cnapshuim EUR 500 a íoc. Beidh íocaíocht na cnapshuime sin gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 13 den Chinneadh seo.

I gcásanna ina dtarraingeoidh an t-iarratasóir siar fógra athbhreithnithe de bhun Airteagal 7(6) den Chinneadh seo, agus i gcásanna ina bhfuil bonn cirt leis sin i bhfianaise na n-imthosca sonracha, íocfaidh an t-iarratasóir agus BCE a gcostais féin, más ann dóibh."